Rewarding Learning

Bunscileanna Gluaiseachta a Fhorbairt

Fócas: Gabháil

AN BHONNCHÉIM • FORBAIRT FHISICEACH



LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN 'GABHÁIL'

Is gá bheith ábalta liathróid a ghabháil leis an chuid is mó de na cluichí a imirt: líonpheil, peil Ghaelach, rugbaí, an cluiche corr, cruicéad, cispheil, chomh maith le cluichí sa chlós súgartha, leithéidí liathróid a phreabadh agus a ghabháil ag balla, i gciorcal nó ag iarraidh sprioc a bhualadh leis an liathróid.

Mura bhfuil páistí ábalta liathróid a ghabháil, seans go dtabharfaidh a bpiaraí sin faoi deara. Mar sin de, tá a lán deiseanna agus ama de dhíth ar pháistí le bheith ag súgradh le réimse liathróidí agus trealamh beag de chineálacha difriúla.

Léargas Ginearálta ar na Riachtanais Reachtúla

Croí-eispéiris

Dul Chun Cinn san Fhoghlaim

Ó → ***I dtreo***

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag páistí:

- Éisteacht le treoracha/rialacha simplí agus iad a leanúint;
- Réimse trealaimh a úsáid le scil na gabhála a fhorbairt;
- Bheith páirteach i ngníomhaíochtaí téimh agus fuarú iar-aclaíochta;
- Cluichí simplí a imirt/a chruthú/a athrú, ag obair leo féin, i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga;
- Labhairt faoi na rudaí atá siad a dhéanamh ag úsáid réimse de stór focal a bhaineann le gluaiseacht.

Ba chóir go mbeadh deiseanna ag páistí:

- Freagairt go cuí do threoracha;
- Réimse de threalamh beag agus mór a úsáid go cuí;
- Tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíochtaí réamhaclaíochta agus fuarú iar-aclaíochta;
- Teanga chuí a úsáid le labhairt faoina ngluaiseachtaí féin agus faoi ghluaiseachtaí daoine eile;
- Feasacht a bheith acu ar éifeachtaí na haclaíochta ar an chorp.

An dtig liom?

(Do mheas a thabhairt)

- mo liathróid/mo bhalún a chaitheamh suas agus é a ghabháil?
- súil a choinneáil ar an liathróid an t-am ar fad?
- mo liathróid a phreabadh agus a ghabháil?
- mo lámha a shíneadh amach leis an liathróid a ghabháil agus í a ghabháil le mo dhá lámh?
- an liathróid a ghabháil nuair a chaitheann mo pháirtnéir chugam í?
- triail a bhaint as rud ar dtús in áit cuidiú a iarraidh?
- ligean do dhaoine eile imirt liom?
- sult a bhaint as gníomhaíocht a roghnú a bhfuil dúil agam inti?
- cluiche simplí gabhála a chumadh?
- réimse de threalamh beag a ghabháil?
- éisteacht le rialacha agus treoracha simplí?

Tá mé go maith ag …

Caithfidh mé cleachtadh a dhéanamh ar …

Téarmaí Tábhachtacha



Fócas: **Gabháil**

BUNSCILEANNA GLUAISEACHTA A FHORBAIRT

POINTÍ TEAGAISC	***LEIDEANNA***
Bogtar na cosa leis an chorp a chur i líne leis an liathróid.	*Seas le cos amháin giota beag chun tosaigh ar an cheann eile le bonn leathan a chur fút.*
Súile dírithe ar an liathróid.	*Coinnigh súil ar an liathróid.*
Lámha sínte amach réidh don liathróid.	*Bí sa tsuíomh 'réidh'.*
Méara bog agus giota beag cuasaithe.	*Méara bog.* *Lámha mór.*
Gafa sna lámha amháin	*Sín do lámha amach i dtreo na liathróide agus gabh leis an dá lámh.*
Druidim na láimhe agus na méar go díreach ag an am cheart.	*Coinnigh súil ar an liathróid ag dul isteach i do lámha. Fáisc an liathróid lena gabháil.*
Uillinneacha lúbtha leis an imbhualadh a mhaolú.	*Tarraing an liathróid isteach i dtreo do bhoilg.*
Na glúine a lúbadh agus tú ag gabháil na liathróide.	

Fócas: **Gabháil**

BUNSCILEANNA GLUAISEACHTA A FHORBAIRT

DÉAN IDIRGHABHÁIL MÁ FHEICEANN TÚ	***LEIDEANNA***
Páistí ag amharc i leataobh nó ag druidim a súl.	*Coinnigh na súile ar oscailt.* *Coinnigh súil ar an liathróid.* *Bíodh na lámha os do chomhair amach.* *Bí réidh le gabháil.*
Páistí a bhfuil deacracht acu an liathróid a rianú leis na súile.	*Coinnigh ort ag amharc ar an liathróid.*
Páistí nach ndruideann na lámha ag an am cheart.	*Sín do lámha amach agus fáisc an liathróid isteach i do lámha.*
An liathróid á ceapadh i gcoinne an uchta.	*Buail bosa ar an liathróid, na méara spréite amach.*

Sampla d'Aonad Oibre Corpoideachais



Cuireadh an tsraith ceachtanna seo in oiriúint ó ábhair chorpoideachais BOLD. Is ceachtanna samplacha iad agus is féidir iad a úsáid mar threoir.

CUSPÓIRÍ FOGHLAMA MOLTA

Beidh na páistí ábalta:

- Éisteacht le treoracha/rialacha simplí agus iad a leanúint;
- Trealamh agus áiseanna éagsúla a úsáid;
- Na scileanna atá de dhíth le tasc simplí a chur i gcrích a thuiscint agus a úsáid;
- An tábhacht a bhaineann le hobair aonair, obair bheirte nó obair i ngrúpaí beaga a aithint;
- Bheith ag gluaiseacht go sábháilte agus go muiníneach;
- Breathnú ar na rudaí atá daoine eile a dhéanamh agus cur síos agus aithris a dhéanamh orthu;
- Labhairt faoi na rudaí atá siad a dhéanamh agus réimse focail chuí a bhaineann le gluaiseacht in úsáid acu.

NÁ DÉAN DEARMAD DEISEANNA DON **CHUIMSITHEACHT** A CHUR AR FÁIL AGUS TÚ I MBUN PLEANÁLA

Cuireadh cuid de na gníomhaíochtaí agus na grafaicí sna ceachtanna corpoideachais in oiriúint ón phacáiste áiseanna 'Top Play' de chuid an Youth Sport Trust.

Nótaí Pleanála

Áiseanna

Gníomhaíocht: **Cluichí** Aonad Oibre: **Láimhsiú – Liathróidí**

COMHTHÉACSANNA FOGHLAMA

Beidh na daltaí ábalta:
- Triail a bhaint as bheith ag obair le réimse liathróidí agus taithí a fháil orthu;
- Liathróid a rolladh leis an dá lámh agus í a fháil ar ais.

POINTÍ TEAGAISC

GNÍOMHAÍOCHT TOSAIGH

'Mac Uí Sheaca agus Bean Mhic Gréine'.
Taistil ar fud an halla ar réimse dóigheanna, m.sh. ag rith, ag preabadh, ag scipeáil agus ag hapáil. Nuair a scairteann an múinteoir 'Mac Uí Sheaca' caithfidh na daltaí REO.
Nuair a scairteann an múinteoir 'Bean Mhic Gréine' bogann na daltaí ar aghaidh.
Déan arís roinnt uaireanta.

Spreag iad le húsáid mhaith a bhaint as spás.
Cosa ciúin.
Éist go cúramach le treoracha.

CLEACHTADH SCILEANNA

Faigh liathróid amháin an duine ón chúinne datha chuí.
Saorshúgradh le réimse liathróidí. Taispeáin dom na rudaí uilig is féidir leat a dhéanamh le do liathróid.
Coinnigh greim ar an liathróid leis an dá lámh. An dtig leat a thaispeáint dom gach áit ar féidir leat an liathróid a bhogadh ar do chorp?
Coinnigh an liathróid ar a cothrom ar chlár do bhoise – bain úsáid as an dá lámh. Ansin bain triail as lámh amháin a úsáid.
Cé acu is fusa?

Lig do na páistí é a thaispeáint.
Coinnigh agus bog an liathróid – chun tosaigh, chuig an taobh, taobh thiar den chorp, os cionn an chloiginn, idir na cosa srl.
Leanann siad leo ag obair ina spás féin.



FORBAIRT (cluiche simplí/mionchluiche)

Cleachtadh aonair scileanna.
Go réidh, roll an liathróid chun tosaigh isteach i spás, rith thart chun tosaigh uirthi, lúb na glúine agus tóg an liathróid, agus ansin tabhair an liathróid níos cóngaraí don ucht. Déan seo roinnt uaireanta.
Déan an rud céanna arís, ach an iarraidh seo, stop an liathróid go tobann trí do lámha a chur ar bharr na liathróide.
Déan seo roinnt uaireanta.

Taispeáin an cleachtadh dóibh ar dtús.
Ná roll an liathróid róláidir.
Roll agus bailigh ag baint úsáid as an dá lámh.
Roll go beacht. Lúb na glúine i gcónaí, ní an droim, nuair a rollann tú an liathróid agus nuair a thógann tú í.
Coinnigh an liathróid ar an urlár.

FUARÚ IAR-ACLAÍOCHTA

Cuir trealamh ar shiúl go sábháilte.
Scipeáil chuig spás agus cuach tú féin i gcruth liathróide. Nuair a chnagann an múinteoir a lámh ar do ghualainn, siúil chuig an líne.

Cosa ciúin agus tú ag scipeáil.
Cuach tú féin chomh beag agus is féidir, cosa, lámha agus cloigeann go léir cuachta isteach.

MEAS

ÁISEANNA

Réimse liathróidí de mhéideanna éagsúla. Liathróid amháin ar a laghad do gach dalta, leagtha amach ag ceithre chúinne datha.
Bain triail as gach gníomhaíocht le liathróidí de mhéideanna éagsúla más féidir.

Fócas: **Gabháil**

BUNSCILEANNA GLUAISEACHTA A FHORBAIRT

Ceacht **2** Bliain **1**

Gníomhaíocht: **Cluichí** Aonad Oibre: **Láimhsiú – Liathróidí**

COMHTHÉACSANNA FOGHLAMA

Beidh na daltaí ábalta:

- Liathróid a rolladh agus a fháil ar ais leis an dá lámh;
- Comhoibriú le páirtnéir.

POINTÍ TEAGAISC

GNÍOMHAÍOCHT TOSAIGH

Soilse Tráchta.
Taistealaíonn daltaí ar fud an halla agus éisteann siad le horduithe ón mhúinteoir.
DEARG – stad.
ÓMRA – rith ar an spota.
GLAS – téigh, taistil trí na spásanna uilig.
De réir a chéile, bain úsáid as málaí pónairí daite leis an chomhartha 'soilse tráchta' a dhéanamh.

Spreag iad le húsáid mhaith a bhaint as spás.
Taistil i dtreonna éagsúla.
Caithfidh an múinteoir na treoracha a scairteadh go soiléir.
Cosa ciúin.
Taistil trí bheith ag rith, ag hapáil, ag preabadh, ag scipeáil srl.
Coinníonn na páistí súil amach faoi choinne athrú datha an mhála pónairí agus freagraíonn siad dó.

CLEACHTADH SCILEANNA

Faigh liathróid amháin an duine ón chúinne datha chuí.
Téigh siar ar an cheacht roimhe seo.
Roll liathróid le líne a thrasnú atá dhá mhéadar ar shiúl ar a laghad.
Roll an liathróid chun tosaigh, rith thart chun tosaigh uirthi, lúb na glúine agus tóg an liathróid.
Déan an rud céanna, ach an iarraidh seo, stop an liathróid go tobann trí do lámha a chur ar bharr na liathróide.
Roll an liathróid roinnt treonna difriúla. Stop í nó tóg í de réir mar a mhoillíonn sí.

Cuir ina luí orthu a thábhachtaí atá sé na glúine a lúbadh, ní an droim, agus iad ag rolladh agus ag tógáil na liathróide.
Lig do na daltaí é a thaispeáint.
Roll liathróid chun tosaigh, chuig na taobhanna, taobh thiar, srl.



FORBAIRT (cluiche simplí/mionchluiche)

I mbeirteanna – liathróid amháin idir beirt.
Suigh os comhair do pháirtnéara agus tuairim is cúig chéim de spás eadraibh.
Oscail na cosa go leathan, roll an liathróid chuig a chéile, ag díriú na liathróide idir cosa do pháirtnéara. Cuireann do pháirtnéir a lámha os comhair an choirp idir an dá chos leis an liathróid a ghabháil.
Déan an rud céanna arís ach tosaigh ar do ghlúine agus i ndiaidh tamaill déan arís é agus tú i do sheasamh. Crom leis an liathróid a rolladh i dtreo do pháirtnéara.
Lúbann do pháirtnéir na glúine leis an liathróid a ghabháil agus a rolladh ar ais.

Roll an liathróid go réidh chuig do pháirtnéir.
Bíodh na lámha sínte amach agat réidh leis an liathróid a ghabháil.
"Cad é mar a thig leat cur ar an liathróid fanacht ar an talamh?"
Agus tú i do sheasamh – lúb glúine, socraigh tú féin i líne leis an liathróid a ghabháil.

FUARÚ IAR-ACLAÍOCHTA

Cuir trealamh ar shiúl go sábháilte.
An corp uilig a shíneadh. Sín do chorp uilig chomh hard agus is féidir agus ansin cuach tú féin chomh beag agus is féidir. Sín do chorp uilig chomh leathan agus is féidir agus ansin cuach tú féin chomh beag agus is féidir.
Téigh i líne go ciúin.

Spreag iad le síneadh maith a dhéanamh agus a bheith cuachta go teann.

MEAS

ÁISEANNA

Liathróidí móra.
Liathróidí trá – ceann amháin an duine.

Fócas: **Gabháil**

BUNSCILEANNA GLUAISEACHTA A FHORBAIRT

Ceacht **3** Bliain **1**

Gníomhaíocht: **Cluichí** Aonad Oibre: **Láimhsiú – Scairfeanna**

COMHTHÉACSANNA FOGHLAMA

Beidh na daltaí ábalta:

- Triail a bhaint as bheith ag obair le scairfeanna agus taithí a fháil orthu;
- Scairf a chaitheamh agus a ghabháil leis an dá lámh.

POINTÍ TEAGAISC

GNÍOMHAÍOCHT TOSAIGH

Cluiche: 'Na Pónairí'.
Scairteann an múinteoir na horduithe seo a leanas agus freagraíonn na daltaí dóibh mar is cuí.
'Pónairí Reatha' – rith isteach agus amach sna spásanna uilig.
'Pónairí Preabacha' – preab isteach agus amach sna spásanna uilig.
'Pónairí Glóthaí' – creathadh a bhaint as an chorp ar fad, ar an spota.
'Pónairí Reoite' – reonn na daltaí.

Sula dtosaítear an cluiche, cinntigh go dtuigeann na daltaí na treoracha go soiléir.
Athraigh na gníomhaíochtaí go minic.
Spreag iad le cosa a choinneáil ciúin agus spásáil mhaith a bheith acu.

CLEACHTADH SCILEANNA

Bailigh scairf ón chúinne datha chuí.
Saorshúgradh le scairf. Taispeáin dom na rudaí uilig is féidir leat a dhéanamh le do scairf.
Ar an spota, coinnigh greim ar do scairf in airde san aer agus lig di titim chun talaimh. Tóg í agus déan arís.
An iarraidh seo, déan iarracht gan ligean do do scairf baint don urlár. An dtig leat í a ghabháil sula mbaineann sí don urlár? Cé chomh híseal is féidir leat ligean di titim?

Bain úsáid as an dá lámh leis an scairf a ghabháil.
Síneann tú na lámha amach leis an scairf a tharraingt isteach go dtí do bholg.
Coinnigh do shúile dírithe ar an scairf an t-am ar fad agus í ag titim.

FORBAIRT (cluiche simplí/mionchluiche)

Caith do scairf suas san aer agus gabh í ar an bhealach anuas.
An dtig leat í a chaitheamh agus a ghabháil le lámh amháin? Bain triail as an lámh eile.
Caith trasna do choirp í ó lámh amháin go dtí an lámh eile.
Fáisc do scairf ina liathróid bheag theann, scaoil í go hard san aer agus gabh í leis an dá lámh.

Gabh an scairf os comhair do bhoilg.
Bosa na lámh in airde leis an scairf a fháscadh isteach i do lámha agus tú á gabháil.
Coinnigh do shúile dírithe ar an scairf an t-am ar fad agus í ag titim.
Leidchárta 'GABHÁIL' a úsáid.

FUARÚ IAR-ACLAÍOCHTA

Siúil isteach agus amach sna spásanna uilig ag iompar do scairfe sa dá lámh.
Nuair a deir an múinteoir 'Stad', seas go socair, caith an scairf suas san aer, gabh í agus bog ar aghaidh.
Cuir na scairfeanna ar ais sa chúinne datha chuí.

Spreag iad le spásáil mhaith a bheith acu.

MEAS

ÁISEANNA

Scairfeanna – ceann amháin an duine.
Leidchárta 'GABHÁIL'.

Gníomhaíocht: **Cluichí** Aonad Oibre: **Láimhsiú – Liathróidí**

COMHTHÉACSANNA FOGHLAMA

Beidh na daltaí ábalta:
- Triail a bhaint as bheith ag obair le liathróidí Balzac agus taithí a fháil orthu;
- Liathróid Balzac a chaitheamh agus a ghabháil leis an dá lámh.

POINTÍ TEAGAISC

GNÍOMHAÍOCHT TOSAIGH

An cluiche 'Treonna' a imirt.
Gach dalta ag amharc i dtreo an mhúinteora.
Scairteann an múinteoir treonna – chun tosaigh, siar agus go cliathánach.
Caithfidh na daltaí preabadh ar an dá chos sa treo a scairteann an múinteoir.
Déan arís le gluaiseachtaí hapála, siúil nó reatha.

Agus iad ag preabadh, caithfidh siad na glúine a lúbadh nuair atá siad ag tuirlingt.
Coinnigh sála den talamh.
Éist go cúramach le treoracha.
Amharc thar do ghualainn agus tú ag taisteal siar.
Amharc ar dheis agus ar chlé agus tú ag taisteal go cliathánach.

CLEACHTADH SCILEANNA

Bailigh liathróid Balzac an duine ón chúinne datha chuí.
Saorshúgradh le liathróid. Taispeáin dom na rudaí uilig is féidir leat a dhéanamh le do liathróid.
Seas i spás. An dtig leat do liathróid a choinneáil suas san aer ag úsáid bharr do mhéar? Cad é faoi chodanna eile de do chorp? Mar shampla, cloigeann, uillinn, glúin, cos, gualainn.
Téigh ar siúlóid le do liathróid agus coinnigh suas san aer í le codanna éagsúla den chorp.

Smaointe éagsúla.

Coinnigh súil ar do liathróid an t-am ar fad.
Bain di go héadrom lena coinneáil san aer.

Cuardaigh spás maith.

FORBAIRT (cluiche simplí/mionchluiche)

An dtig leat an liathróid a chaitheamh suas giota beag agus í a ghabháil?
An dtig leat dul ar siúlóid le do liathróid, agus í a chaitheamh agus a ghabháil lena linn?
Anois, taispeáin dom an dóigh ar féidir leat an liathróid a chaitheamh suas san aer agus na bosa a bhualadh sula ngabhann tú í.
An dtig leat do liathróid a chaitheamh suas san aer agus do lámh a leagan ar an talamh sula ngabhann tú í?

Ná caith an liathróid suas ró-ard.
Súile dírithe ar an liathróid an t-am ar fad.
Bíodh na lámha spréite amach réidh leis an liathróid a ghabháil.
Fáisceann na méara an liathróid.
Gabh an liathróid os comhair do bhoilg agus tarraing isteach í.
Leidchárta 'GABHÁIL' a úsáid.

FUARÚ IAR-ACLAÍOCHTA

Siúil isteach agus amach sna spásanna uilig. Stad nuair a ordaítear duit agus caith agus gabh an liathróid trí huaire roimh bhogadh ar aghaidh.
Déan seo roinnt uaireanta.

Coinnigh súil ar an liathróid agus tú á caitheamh.
An dá lámh réidh lena gabháil.

MEAS

ÁISEANNA

Liathróidí Balzac.
Leidchárta 'GABHÁIL'.

Gníomhaíocht: **Cluichí** Aonad Oibre: **Láimhsiú – Liathróidí**

COMHTHÉACSANNA FOGHLAMA

Beidh na daltaí ábalta:
- Liathróid a chaitheamh, a phreabadh agus a ghabháil leis an dá lámh;
- Liathróid a chaitheamh chuig páirtnéir;
- Liathróid a ghabháil nuair a chaitheann páirtnéir chucu í.

POINTÍ TEAGAISC

GNÍOMHAÍOCHT TOSAIGH

Cluiche: 'Na Pónairí' (mar atá i gCeacht 3). Scairteann an múinteoir na horduithe seo a leanas agus freagraíonn na daltaí dóibh mar is cuí.
'Pónairí Reatha' – rith isteach agus amach sna spásanna uilig.
'Pónairí Glóthaí' – creathadh a bhaint as an chorp ar fad, ar an spota.
'Pónairí Reoite' – reonn na daltaí.
'Pónairí Dóite' – luigh síos ar an talamh amhail is go bhfuil siad 'dóite ag an ghrian'.

Téigh siar ar na 'pónairí' éagsúla leis na daltaí.
Athraigh gníomhaíochtaí go minic.
Spreag iad le cosa a choinneáil ciúin agus spásáil mhaith a bheith acu.

CLEACHTADH SCILEANNA

Bailigh liathróid trá an duine, ón chúinne datha chuí.
Suigh ar an urlár agus na cosa scartha. An dtig leat baint don urlár thart timpeall ort le do liathróid? Coinnigh in airde í, i bhfad ar shiúl ó do chorp, amuigh ag an taobh, taobh thiar díot.
Fan i do shuí. An dtig leat an liathróid a phreabadh agus a ghabháil?
Seas ar an spota, déan cleachtadh ar an liathróid a chaitheamh agus a ghabháil.
Tosaigh ag cleachtadh ar an spota agus ansin tosaigh ag siúl agus déan iarracht an liathróid a chaitheamh agus a ghabháil.

Athraigh airde an chaithimh.
Coinnigh súil ar an liathróid.
Lámha sínte amach, réidh leis an liathróid a ghabháil leis an dá lámh.
Is féidir leis na daltaí is ábalta balla a úsáid leis an liathróid a chaitheamh agus a ghabháil.
Leidchárta 'GABHÁIL' a úsáid.

FORBAIRT (cluiche simplí/mionchluiche)

Stáisiún 1 (leathchuid den rang).
I mbeirteanna – liathróid amháin idir beirt.
Seasann na páistí trí choiscéim ar shiúl óna chéile. Caitheann duine amháin an liathróid, gabhann an páirtnéir í agus caitheann ar ais í.
Má tá sé sin rófhurasta, bog níos faide ar shiúl óna chéile.
Cá mhéad pas is féidir leat a dhéanamh sula dtugann an múinteoir comhartha?
Faigh liathróid a chaitear agus gabh í.

Stáisiún 2 (leathchuid den rang).
Bailigh fonsa an duine. Preab liathróid isteach i bhfonsa agus gabh í.
An dtig leat bogadh thart ar an fhonsa agus tú ag preabadh agus ag caitheamh na liathróide?

Tá a lámha sínte amach ag do pháirtnéir réidh leis an liathróid a ghabháil.
"Buail bosa ar an liathróid" agus tarraing isteach i dtreo do bhoilg í.
Coinnigh súil ar an liathróid agus í ag teacht i do threo.



Preab agus gabh an liathróid leis an dá lámh.

FUARÚ IAR-ACLAÍOCHTA

Caith liathróid san aer, lig di preabadh agus gabh í. Seas ar an spota agus déan cleachtadh.

Coinnigh súile ar an liathróid.
Ná caith ró-ard í.

MEAS

ÁISEANNA

Liathróidí trá.
Fonsaí.
Leidchárta 'GABHÁIL'.

Gníomhaíochtaí Breise

FAOI THREOIR AN MHÚINTEORA
Eispéiris Foghlama

Bac-chúrsa

Is féidir na gníomhaíochtaí gabhála seo a chur isteach mar chuid de bhac-chúrsa a bhfuil scileanna eile i gceist leis:

- liathróid a phreabadh agus a ghabháil i bhfonsa/marc ar an chlós súgartha;
- caitheamh le heangach aisphreabtha agus gabháil;
- caitheamh le balla ionas gur féidir le do pháirtnéir í a ghabháil.

Stáisiúin Súgartha

Tús

Liathróidí Balzac ar crochadh os cionn beirt pháistí – brúigh agus gabh.

Caitheann an múinteoir liathróid mhór bhog isteach san aer go hard agus go lúbtha le ham a thabhairt don pháiste an liathróid a rianú.

Forbairt

Preabadh délámhach chuig do pháirtnéir. Déan iarracht liathróid a phreabadh i bhfonsa atá leagtha ar an talamh idir beirt pháistí.

Daingniú

Caith agus gabh i mbeirteanna. Bog níos faide ar shiúl óna chéile.

Cuarda

Caith liathróid/scairf san aer. Cá mhéad uair ar féidir leat bosa a bhualadh sula ngabhann tú í?

Liathróidí de mhéideanna éagsúla a phreabadh agus a ghabháil.

Cuir an liathróid thart i gciorcal ina bhfuil ochtar páistí nó níos lú. An féidir an liathróid a chur thart ó dhuine go duine gan ligean di titim?

FAOI THREOIR AN PHÁISTE
Eispéiris Foghlama

Súgradh sa Chlós Súgartha

Liathróidí a chaitheamh i gcoinne balla bán agus a ghabháil.

Balla/sprioc uimhrithe – dírigh ar uimhreacha ar leith agus ansin gabh an liathróid.

Liathróid a rolladh chuig a chéile.

Cluichí Cumtha

Mar atá thuas ach cumann na páistí a gcluichí/rialacha féin.

Cuir 'bosca gníomhaíochta gabhála' ar fáil le húsáid ag na páistí agus iad ag súgradh nó nuair atá obair críochnaithe acu. Rogha scairfeanna, liathróidí móra boga, liathróidí Koosh srl.
Déanann na páistí cleachtadh ar liathróidí a ghabháil ina n-aonar, nó le páirtnéir.

Gluaiseacht le Ceol

Cuir scairfeanna, liathróidí agus ceol atá fóirsteanach don scil ar fáil dóibh, m.sh. ceol mall faoi choinne scairfeanna a chaitheamh agus a ghabháil.

Súgradh Drámaíochta

Baineann páistí úsáid as súgradh samhlaíoch lena gcuid smaointe a fhiosrú. Cuir frapaí ar fáil dóibh, déan moltaí faoi róil nó faoi théamaí don tsúgradh agus bí páirteach ann. Mar shampla, is féidir bosca frapaí a úsáid mar thúsphointe. D'fhéadfaí bosca sorcais nó bosca trá a bheith ann ina mbeadh réimse liathróidí a bhféadfadh na páistí súgradh leo.

Rímeanna agus Gníomh-Amhráin

Cúig Mhoncaí Bheaga

Cúig mhoncaí bheaga ina suí ar an chrann.
Nach ciúin go mór, a tháinig an crogall dalba ann! (labhair i gcogar don líne seo)
Hóigh a Chrogaill, ní bhfaighidh tusa mise go deo, SNAP!

Ceithre mhoncaí bheaga …

Leis an lámh chlé, cuir na cúig mhéar in airde leis na cúig mhoncaí bheaga a thaispeáint.
Leis an lámh dheas, déan gníomh an chrogaill agus é ag snapadh.
Le linn na líne deireanaí, itheann an crogall ceann amháin de na moncaithe agus ansin níl ach ceithre cinn fágtha.

(Tagairt: Is aistriúchán Gaeilge é seo ar rím as 'Singing Games and Rhymes for Early Years'.)

Cúig Phis Bheaga

Cúig phis bheaga i bhfaighneog faoi bhrú.
(bíodh lámh amháin ina dhorn agat)
A haon, a dó agus iad go léir ag fás go beo.
(ardaigh na méara go mall, ceann i ndiaidh a chéile)
Ag fás leo, ag fás leo, gan sos gan scíth,
(sín amach na méara)
Agus lá amháin phléasc an fhaighneog ghroí, POP!
(tabhair bualadh bos glórach don fhocal 'pop')

(Tagairt: Is aistriúchán Gaeilge é seo ar rím as 'Macmillan Treasury of Poems'.)

Bog do Chorp

(Port: 'Frère Jacques')

Bog do chorp (x2).
Coimhéad an liathróid (x2).
Do lámha móra réidh agat (x2).
Ceap agus gabh (x2).

Deich Méar Bheaga

Tá deich méar bheaga orm
Agus is liomsa iad go léir.
Déanfaidh siad gach sórt dom
An méid sin, nach léir?
Thig liom iad a dhruidim teann
Nó a fhágáil amuigh ar
leathadh.
Iad a bhualadh ar a chéile nó
A chur go díreach i bhfolach.
Thig liom iad a chur go hard
Nó a chur go han-íseal.
Iad a fhilleadh ina chéile
Agus a choinneáil ansin píosa!



Naisc Foghlama leis an Bhaile

**Tá muid ag foghlaim ar scoil an dóigh le gabháil.
Seo na rudaí a chaithfidh muid a dhéanamh más maith linn a bheith an-mhaith ag gabháil.**

1. Súil a choinneáil ar an liathróid.



2. Do lámha a bheith réidh agat.

3. Greim láimhe docht a bheith agat ar an liathróid.



Le do thoil, cuidigh liom gabháil sa bhaile agus amharc an bhfuil mé á déanamh mar is ceart!

Tarraing cuid de na rudaí a ghabh tú sa bhaile.

An Fhoghlaim a Nascadh

Is é cuspóir an rannáin seo ná béim a chur ar an SBG agus í a threisiú i réimse comhthéacsanna

Na hEalaíona

Ealaín & Dearadh

- Scileanna láimhsithe a fhorbairt agus comhordú lámh is súl a fheabhsú. Déantar é seo trí mheáin ealaíne a láimhsiú le líníochtaí, colláisí, struchtúir 3T agus priontaí a chruthú, mar shampla, líníochtaí a dhéanamh d'eispéiris ar nós ghabháil na liathróide.
- Liathróidí de mhéideanna éagsúla a dhéanamh le nuachtán agus le téip chumhdaigh. Cad iad na liathróidí is fusa a ghabháil?

Ceol

- Fócas: Buille Rialta. Cumas a fhorbairt ar an bhuille rialta a choinneáil trí rímeanna agus cluichí amhránaíochta a dhéanamh, ag úsáid gníomhaíochtaí cuí m.sh. bualadh bos.
- Ceol mall le scairfeanna a chaitheamh suas agus a ghabháil.

Drámaíocht

- Bheith páirteach i réimse cluichí drámaíochta agus sult a bhaint astu.
- Úsáid na bpuipéad a fhiosrú, m.sh. ligean orthu go bhfuil an puipéad ag múineadh dóibh an dóigh leis an liathróid nó an balún a ghabháil.

Matamaitic agus Uimhearthacht

- Cuntas ar aghaidh agus siar ó bhéal in aonta go dtí/ó 10 nó 20 le linn duit bheith ag gabháil na liathróide.
- Cuntas ar aghaidh agus siar ó bhéal in aonta go dtí/ó uimhir áirithe taobh istigh de 10 nó 20.
- Cuntas gabhálacha an duine eile ar an eangach aisphreabtha. Cá mhéad gabháil in 30 soicind?
- Liathróidí/scairfeanna/málaí pónairí a úsáid a bhfuil uimhreacha/dathanna marcáilte orthu.
- Comparáid a dhéanamh idir méideanna liathróidí – beag, níos lú, is lú.
- Cruth – liathróidí (sféar), scairfeanna (cearnóg).
- Eangach aisphreabtha – uimhreacha a chur ar an chúl. Na páistí ag díriú ar uimhir a trí agus ag gabháil, srl.
- Teanga Shuímh – cur síos ar shuíomh rudaí, m.sh. an liathróid a chaitheamh thar an rópa scipeála ionas gur féidir leis an pháirtnéir í a ghabháil.
- Na páistí ina seasamh i líne agus na huimhreacha 1–10 nó 1–20 orthu. Caitheann an múinteoir liathróid chuig uimhreacha ar leith agus caithfidh na páistí a bheith réidh leis an liathróid a ghabháil, m.sh. 'Tá mé ag caitheamh chuig 1/3/5 níos mó ná 7', 'Tá mé ag caitheamh chuig an uimhir roimh 5'.

Forbairt Fhisiceach

- Réimse trealaimh a úsáid le scil na gabhála a fhorbairt. Mar shampla, Balzac (balún taobh istigh de shac) ar crochadh ó bhíoma/ó bharraí balla.
- Scairfeanna a úsáid – iad a chaitheamh suas agus a ghabháil ar airdí difriúla. An dtig leat bosa a bhualadh sula ngabhann do lámha an scairf?
- Liathróidí a phreabadh agus a ghabháil taobh istigh d'fhonsa/ar mhata.
- Réimse liathróidí de mhéideanna éagsúla a phreabadh i gcoinne eangach aisphreabtha.
- Fad slí/méid na liathróide a athrú de réir cumais.

Teanga agus Litearthacht

- Éisteacht le réimse scéalta, rímeanna agus téacsanna meán agus freagairt dóibh.
- Bheith ábalta scéal a thabhairt chun cuimhne agus rím a athrá, m.sh. 'An Mealbhacán Uisce Ollmhór,''An Fear Sinséir', rímeanna méire le méara a théamh don ghabháil, '1, 2, Muc is Bó', 'Cúig Mhoncaí Bheaga', 'Cúig Phis Bheaga', 'Deich Méar Bheaga'.
- Éisteacht le treoracha béil, freagairt dóibh agus iad a thabhairt chun cuimhne;
  – Gnás a scríobh, m.sh. an dóigh le liathróid a ghabháil.
- Labhairt faoina gcuid eispéireas ag úsáid réimse de stór focal cuí;
  – Cur síos a dhéanamh ar an cheacht corpoideachais a raibh an ghabháil ann;
  – Cad é a thig linn a ghabháil? Cad chuige ar chóir dúinn an dóigh le gabháil a fhoghlaim?
- Eispéiris a thaifeadadh trí líníocht agus trí scríbhneoireacht, mar shampla lipéid, teidil, treoracha, cur síos.

Forbairt Phearsanta

- Na rudaí is féidir leo a dhéanamh a aithint, m.sh. scil fhisiceach na gabhála.
- Am Ciorcail – cosúlachtaí agus éagsúlachtaí. Plé a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil daoine áirithe go maith ag gabháil rudaí, ach go mbíonn cuidiú éigin de dhíth ar dhaoine eile. Plé a dhéanamh ar an dóigh a dtig linn cuidiú lena chéile agus aontú air sin.
- Féinmhuinín a léiriú nuair a chuirtear dúshlán úr rompu.
- Bheith ábalta roghanna agus cinntí a dhéanamh.
- Comhoibriú le daoine eile agus trealamh a roinnt leo.
- Bheith feasach ar a thábhachtaí atá sé bheith folláin. Mar shampla, labhairt faoin tábhacht a bhaineann leis an tsúgradh taobh amuigh agus le bheith gníomhach ar a lán dóigheanna.

An Domhan Thart Orainn

- Comparáid a dhéanamh idir trealamh trom agus trealamh éadrom a ghabháil.
- Trealamh a láimhsiú agus roghanna a dhéanamh.
- Teanga shuímh agus teanga threo a bhaineann le gluaiseacht, a thuiscint agus a úsáid.
- A thuiscint go bhfuil an ghníomhaíocht fhisiceach maith don chorp.
- Gnéithe den ghluaiseacht a fhiosrú, m.sh. an luas atá ar liathróid spúinse i gcomparáid le balún Balzac.

Foghlaim sa Bhaile

- Gníomhaíochtaí foghlama a dhéanamh sa bhaile.
- Liathróidí, málaí pónairí, scairfeanna, liathróidí Balzac srl. a thabhairt abhaile leis an ghabháil a chleachtadh sa bhaile.

© CCEA 2015

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Fax: +44(0)28 9026 1234
Email: info@ccea.org.uk Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning